C/2024/1364

15.2.2024

FÓGRA ÓN GCOIMISIÚN

Clár Oibre bliantúil 2024 an Aontais um chaighdeánú Eorpach

(C/2024/1364)

Leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 maidir le Caighdeánú Eorpach ([1]) go nglacfaidh an Coimisiún clár oibre bliantúil de chuid an Aontais um chaighdeánú Eorpach. I gcomhréir leis na rialacha lena mbaineann, sainaithnítear san Fhógra seo ón gCoimisiún na caighdeáin Eorpacha agus na táirgí insoláthartha Eorpacha caighdeánúcháin a bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún iad a iarraidh ó na heagraíochtaí Eorpacha caighdeánúcháin le haghaidh 2024, mar aon le cuspóirí sonracha agus beartais shonracha maidir leis na caighdeáin agus na táirgí insoláthartha sin (féach an Iarscríbhinn).

Tarraingíodh suas an Fógra chun tacú go sonrach le beartais agus reachtaíocht an Aontais agus é mar chuspóir leis rannchuidiú le margadh aonair glas digiteach athléimneach chomh maith le rannchuidiú le cuspóirí idirnáisiúnta an Aontais.

Tugadh aghaidh ar ról an chaighdeánaithe le haghaidh bheartais an Aontais i roinnt doiciméad beartais de chuid an Choimisiúin, go háirithe an straitéis um chaighdeánú ([2]) agus straitéis tionsclaíochta an Aontais ([3]). Le caighdeáin, tacaítear le beartais an Aontais chun a áirithiú go bhfuil táirgí agus seirbhísí an Aontais iomaíoch ar fud an domhain agus go gcuirtear san áireamh leo ceisteanna úrscothacha sábháilteachta, slándála, sláinte, sóisialta agus comhshaoil. Ina theannta sin, is uirlis thábhachtach iad le haghaidh luachshocrú an taighde, na forbartha agus na nuálaíochta trí chruthúnas coincheapa a léiriú agus trí chur i bhfeidhm slabhraí luacha tionsclaíocha atá go hiomlán nua a threisiú sna réimsí glasa agus digiteacha ([4]).

De bhun Airteagal 8(3) de Rialachán (AE) 1025/2012, cuireann an Coimisiún cuspóirí le haghaidh na gné idirnáisiúnta san áireamh i gclár oibre bliantúil an Aontais. Leanfaidh sé dá chomhar maidir le caighdeánú le comhpháirtithe idirnáisiúnta trí ghníomhaíochtaí arna mbeartú ag comhpháirtíochtaí digiteacha leis an tSeapáin, leis an gCóiré Theas agus le Singeapór a chur chun feidhme, i gcomhthéacs na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe agus laistigh de ghrúpaí G7/G20. I gcomhaontuithe saorthrádála an Aontais le comhpháirtithe idirnáisiúnta, cuireann an Coimisiún cur chuige chun cinn chun tacú le próisis idirnáisiúnta um chaighdeánú mar a fhorordaítear trí phrionsabail na hEagraíochta Domhanda Trádála, i.e. trédhearcacht, oscailteacht, neamhchlaontacht agus éifeachtacht agus ábharthacht comhthola, comhleanúnachas agus forbairt. Cuirfidh an Coimisiún comhar agus malartú faisnéise maidir le caighdeánú chun cinn, lena n-áirítear comhar agus malartú ar an leibhéal idirnáisiúnta, mar chuid riachtanach den chaibidil maidir le bacainní teicniúla ar thrádáil agus dea-chleachtais rialála i ngach comhaontú saorthrádála a dhéanann sé a chaibidliú. Ina theannta sin, leanfaidh sé den idirphlé le tíortha eile chun réimsí comhair a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le dúshláin dhomhanda a fhiosrú.

Ní lú tábhacht ról an chomhair idirnáisiúnta um thaighde agus nuálaíocht chun ról ceannasach an Aontais mar bhunaitheoir caighdeán domhanda a chur chun cinn, rud a sainaithníodh sa Chur Chuige Domhanda i leith an Taighde agus na Nuálaíochta ([5]).

San Iarscríbhinn a ghabhann leis an bhFógra seo, tá gníomhaíochtaí maidir le caighdeáin Eorpacha nó táirgí insoláthartha Eorpacha caighdeánúcháin a fhorbairt agus a athbhreithniú. Tá gá leo agus tá siad oiriúnach chun tacú le reachtaíocht agus beartais an Aontais, agus ar an gcaoi sin neartaítear ról ceannasach an Aontais maidir le caighdeáin dhomhanda a leagan síos.

Sainaithneofar i gclár oibre bliantúil an Aontais ón gCoimisiún na tosaíochtaí beartais straitéiseacha le haghaidh an chaighdeánaithe Eorpaigh. Ó foilsíodh an straitéis um chaighdeánú in 2022, sainaithníodh i bhFógraí ón gCoimisiún ina dhiaidh sin liosta de ghníomhaíochtaí beartais tosaíochta i measc na míreanna a liostaítear san Iarscríbhinn. Tacaíonn na príomhtháirgí insoláthartha caighdeánúcháin sin le beartais ríthábhachtacha de chuid an Aontais chun margadh aonair glas, digiteach agus athléimneach a bhaint amach agus ní mór aird ar leith a thabhairt orthu ón gcóras Eorpach um chaighdeánú, lena n-áirítear táirgí insoláthartha meara.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lgh. 12).
([2]) COM(2022)31.
([3]) COM(2021) 350.
([4]) Moladh ón gComhairle maidir leis na treoirphrionsabail le haghaidh luachshocrú eolais an 21 Samhain 2022.
([5]) COM(2021)252.

Tar éis an Chinnidh ón gCoimisiún ([6]) an Fóram Ardleibhéil um Chaighdeánú Eorpach a chur ar bun, a bunaíodh i mí Eanáir 2023, faigheann an Coimisiún comhairle ón bhFóram maidir leis na gníomhaíochtaí tosaíochta le haghaidh chlár oibre bliantúil an Aontais. Cuireadh an chomhairle sin san áireamh i bhFógra na bliana seo ón gCoimisiún.

I bhfianaise an mhéid sin, shainaithin an Coimisiún na gníomhaíochtaí caighdeánaithe seo a leanas mar **thosaíochtaí beartais**:

1. **Teicneolaíochtaí le haghaidh ríomhaireacht ardfheidhmíochta Eorpach agus le haghaidh bonneagar Eorpach cumarsáide candamaí**: i gcomhréir leis an Moladh ón gCoimisiún maidir le réimsí teicneolaíochta criticiúla i leith shlándáil eacnamaíoch an Aontais le haghaidh tuilleadh measúnaithe riosca leis na Ballstáit ([7]), athdhearbhaíonn an Coimisiún na míreanna tosaíochta beartais ó chlár oibre bliantúil an Aontais 2023 maidir le candam.
2. **Amhábhair chriticiúla - buanmhaighnéid a athchúrsáil agus amhábhair chriticiúla a thaiscéaladh, a eastóscadh, a scagadh agus a athchúrsáil**: athdhearbhaíonn an Coimisiún, mar b'amhlaidh in 2023, gur tosaíocht bheartais iad amhábhair chriticiúla ag féachaint don togra ón gCoimisiún maidir leis an nGníomh um Amhábhair Chriticiúla ([8]) agus ról deimhnithe na n-amhábhar criticiúil chun slabhraí soláthair athléimneacha a choinneáil ar bun.
3. **Creat Sonraí Iontaofa an Aontais Eorpaigh**: cuireann an Coimisiún gníomhaíocht tosaíochta nua isteach maidir le creat sonraí iontaofa chun tacú le cur chun feidhme an Ghnímh um Shonraí ([9]).
4. **An Creat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach**: cuireann an Coimisiún mír nua tosaíochta nua isteach chun tacú le creat a bhunú le haghaidh Céannacht Dhigiteach Eorpach.
5. **Éicidhearthóireacht aerchóiritheoirí agus teaschaidéal aer go haer**: cuireann an Coimisiún mír tosaíochta nua isteach maidir le teaschaidéil, ar mír í atá bunaithe ar chuspóirí an togra ón gCoimisiún maidir leis an nGníomh um Thionscal Glanastaíochtaí Nialasacha ([10]) agus an ról soiléir atá ag caighdeáin maidir le cuspóirí an ghnímh a bhaint amach.
6. **Ceanglais chibearshlándála le haghaidh táirgí a bhfuil eilimintí digiteacha acu:** athdhearbhaíonn an Coimisiún tosaíocht bheartais 2023 maidir le ceanglais chibearshlándála arb é is aidhm dóibh dálaí a chruthú chun táirgí slána ag a bhfuil eilimintí digiteacha a fhorbairt.
7. **Teicneolaíochtaí agus comhpháirteanna hidrigine:** athdhearbhaíonn an Coimisiún tosaíocht bheartais 2023 maidir le teicneolaíochtaí agus comhpháirteanna hidrigine arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar fhorbairt agus ar chothabháil an bhonneagair hidrigine agus na gcomhpháirteanna teicneolaíochta sa mhargadh aonair.
8. **Bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha:** cuireann an Coimisiún mír tosaíochta nua isteach maidir le bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha le haghaidh nascacht uathoibríoch idir bonneagar luchtaithe agus feithiclí leictreacha, agus idir-inoibritheacht an bhonneagair luchtaithe ar fud monaróirí, córais agus líonraí éagsúla á háirithiú ag an am céanna.

([6]) C(2022)6189.
([7]) C(2023) 6689 final.
([8]) COM(2023)160 final.
([9]) Rialachán (AE) 2023/2854 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 maidir le rialacha comhchuibhithe i dtaca le rochtain chothrom ar shonraí agus úsáid chothrom sonraí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Shonraí) (IO L, 2023/2854, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2854/oj)
([10]) COM(2023)161 final.

IARSCRÍBHINN

Forléargas

I gclár oibre bliantúil 2024 an Aontais um chaighdeánú Eorpach, sainaithníodh na **tosaíochtaí beartais** seo a leanas i measc na 72 ghníomhaíocht a liostaítear thíos:

1. Teicneolaíochtaí le haghaidh ríomhaireacht ardfheidhmíochta Eorpach agus le haghaidh bonneagar Eorpach cumarsáide candamaí (Gníomhaíocht 7)
2. Athchúrsáil buanmhaighnéad (Gníomhaíocht 1) agus taiscéalaíocht, eastóscadh, scagadh agus athchúrsáil na n-amhábhar criticiúil (Gníomhaíocht 2)
3. Creat Sonraí Iontaofa an Aontais Eorpaigh (Gníomhaíocht 10)
4. Creat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach (Gníomhaíocht 8)
5. Éicidhearthóireacht aerchóiritheoirí agus teaschaidéal aer go haer (Gníomhaíocht 33)
6. Ceanglais chibearshlándála (Gníomhaíocht 6)
7. Teicneolaíochtaí agus comhpháirteanna hidrigine (Gníomhaíocht 16)
8. Bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha (Gníomhaíocht 44)

Tá liosta iomlán na ngníomhaíochtaí i gclár oibre bliantúil 2024 an Aontais roinnte ina cheithre phríomhchatagóir: (1) Athléimneacht na dtionscal Eorpach, (2) An t-aistriú digiteach, (3) An t-aistriú glas, agus (4) An margadh inmheánach le haghaidh táirgí agus seirbhísí.

Is é is aidhm do na gníomhaíochtaí maidir leis an athléimneacht tacú leis an méid seo a leanas:

— Athchúrsáil buanmhaighnéad (Gníomhaíocht 1)

— Taiscéalaíocht, eastóscadh, scagadh agus athchúrsáil na n-amhábhar criticiúil (Gníomhaíocht 2)

— Feidhmeanna agus il-ábhair nua le haghaidh monarú suimitheach (Gníomhaíocht 3)

— Biteicneolaíocht agus bithmhonaraíocht (Gníomhaíocht 4)

— Ábhair shárfhorbartha (Gníomhaíocht 5)

Is é is aidhm do na gníomhaíochtaí maidir leis an aistriú digiteach tacú leis na nithe seo a leanas [1]**:**

— Ceanglais chibearshlándála (Gníomhaíocht 6)

— Teicneolaíochtaí le haghaidh ríomhaireacht ardfheidhmíochta Eorpach agus le haghaidh bonneagar Eorpach cumarsáide candamaí (Gníomhaíocht 7)

— Creat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach (Gníomhaíocht 8)

— Fíorú aoise ar líne (Gníomhaíocht 9)

— Creat Sonraí Iontaofa an Aontais Eorpaigh (Gníomhaíocht 10)

— Idir-inoibritheacht le haghaidh seirbhísí próiseála sonraí (Gníomhaíocht 11)

— Sonraí custaiméirí san earnáil árachais (Gníomhaíocht 12)

— Éiceachóras réaltachta fíorúla agus breisithe atá slán agus idir-inoibritheach, agus geilleagar fíorúil (Gníomhaíocht 13)

— Comhchuibhiú barrachód chun ticéadú idir-inoibritheach a chumasú trí bharrachód a úsáid. (Gníomhaíocht 14)

— Athbhreithniú ar an iarraidh ar chaighdeánú chun tacú le beartas an Aontais maidir leis an intleacht shaorga (Gníomhaíocht 15)

Is é is aidhm do na gníomhaíochtaí maidir leis an aistriú glas tacú leis an méid seo a leanas:

— Bonneagar, tacaíocht agus stóráil hidrigine (Gníomhaíochtaí 16-18)

— Teicneolaíochtaí srutha dhírigh ísealvóltais (Gníomhaíocht 19)

[1] Is féidir teacht ar fhaisnéis faoi na gníomhaíochtaí caighdeánaithe a phléitear i gcomhthéacs an Ardáin Eorpaigh Il-gheallsealbhóirí um Chaighdeánú TFC tríd an nasc seo a leanas: https://joinup.ec.europa.eu/collection/rolling-plan-ict-standardisation/rolling-plan-2023

— Eangacha leictreachais (Gníomhaíocht 20)

— Ceanglais éicidhearthóireachta agus lipéidithe fuinnimh chun an tomhaltas fuinnimh a laghdú (Gníomhaíochtaí 21-40)

— Feabhas a chur ar ghlasú agus athléimneacht aeráide na bhfoirgneamh agus na n-ábhar tógála (Gníomhaíochtaí 41, 42)

— Iompar agus stóráil bhuan dé-ocsaíde carbóin (Gníomhaíocht 43)

— Bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha (Gníomhaíocht 44)

— Cruach ar bheagán carbóin (Gníomhaíocht 45)

— Athchúrsáil agus athúsáid ábhar i bhfeithiclí a bhfuil a ré caite (Gníomhaíocht 46)

— Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh (Gníomhaíochtaí 47-50)

— Astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh a laghdú (Gníomhaíocht 51)

— Faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí tionsclaíocha (Gníomhaíocht 52)

— Truailliú ó mhicreaphlaistigh a scaoiltear sa chomhshaol a laghdú (Gníomhaíocht 53)

— Measúnú ar sheirbhísí éiceachórais (Gníomhaíocht 54)

— Táirgí leasacháin (Gníomhaíocht 55)

— Tomhais sláinte ithreach agus rochtain (Gníomhaíocht 56)

— Breosla eitlíochta (Gniomhaíocht 57)

Tacaíonn na gníomhaíochtaí maidir leis an margadh inmheánach do tháirgí agus seirbhísí leis an méid seo a leanas:

— Cáilíocht agus sábháilteacht feistí leighis (Gníomhaíocht 58)

— Sábháilteacht an bhrú-threalaimh a fheabhsú agus rochtain FBManna air a éascú (Gníomhaíocht 59)

— Rochtain FBManna ar mhargadh na n-árthaí brú simplí a éascú (Gníomhaíocht 60)

— Sábháilteacht innealra (Gníomhaíocht 61)

— Trealamh atá ceaptha lena úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach (Gníomhaíocht 62)

— Trealamh cosanta pearsanta (Gníomhaíocht 63)

— Córais tomhais chearta inrianaithe chun an pobal a chosaint ar thomhas mícheart (Gníomhaíocht 64)

— Idir-inoibritheacht an chórais iarnróid (Gníomhaíocht 65)

— Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach (Gníomhaíocht 66)

— Sábháilteacht dóiteáin long a iompraíonn gáis leachtaithe i mbulc agus de longa a úsáideann gás mar thiomántán (Gníomhaíocht 67)

— Ísealvoltas (Gníomhaíocht 68)

— Trealamh Raidió (Gníomhaíocht 69)

— Árthaí áineasa (Gníomhaíocht 70)

— Sábháilteacht táirgí agus áiseanna tomhaltais (Gníomhaíocht 71)

— Foclóir sonraí le haghaidh tuairisciú d'údaráis mhaoirseachta san earnáil airgeadais (Gníomhaíocht 72)

Gníomhaíochtaí chun caighdeáin Eorpacha nó táirgí insoláthartha Eorpacha caighdeánúcháin a thacaíonn le hathléimneacht an tionscail Eorpaigh a fhorbairt agus a athbhreithniú				
Tagairt	Teideal	Tagairt	Caighdeáin Eorpacha / táirgí insoláthartha Eorpacha caighdeánúcháin	Cuspóirí agus beartais shonracha maidir le caighdeáin Eorpacha / táirgí insoláthartha Eorpacha caighdeánúcháin
1	Amhábhair chriticiúla ó bhuanmhaighnéid a athchúrsáil	COM/2023/160 final Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 168/2013, (AE) 2018/858, 2018/1724 agus (AE) 2019/1020	Caighdeáin Eorpacha a fhorbairt le haghaidh athchúrsáil buanmhaighnéad. Ba cheart na nithe seo a leanas a bhaint amach leis na caighdeáin: Tacú le modhanna atá iomaíoch le táirgeadh príomhúil ó thaobh an gheilleagair de; a áirithiú go bhfuil na próisis athchúrsála neamhdhíobhálach don chomhshaol; neoidimiam a athshlánú i bhfoirm atá oiriúnach chun maighnéid ardcháilíochta a tháirgeadh; táirgí a úsáidtear ina bhfuil maighnéid neoidimiam a bhailiú agus a shórtáil.	Is é is aidhm don ghníomhaíocht slabhraí soláthair an Aontais a dhaingniú agus na tionchair chomhshaoil a bhaineann le táirgeadh príomhúil a laghdú.
2	Amhábhair chriticiúla	COM/2023/160 final Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 168/2013, (AE) 2018/858, 2018/1724 agus (AE) 2019/1020	Caighdeáin Eorpacha agus táirgí Eorpacha insoláthartha caighdeánúcháin a fhorbairt a thacaíonn le taiscéalaíocht, eastóscadh, scagadh agus athchúrsáil na n-amhábhar criticiúil.	Is é is aidhm don ghníomhaíocht slabhra luacha amhábhar criticiúil an Aontais a neartú chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach agus athléimneacht an Aontais a fhódú.
3	Teicnící monaraithe shuimithigh	*A new Circular Economy Action Plan For a cleaner and more competitive Europe,* [Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach le go mbeadh an Eoraip níos glaine agus níos iomaíche], - COM/2020/98 final	Caighdeáin Eorpacha a fhorbairt a thacóidh leis an monarú suimitheach, lena n-áirítear priontáil 3T/4T agus lena gcumhdófar córais mhonaraithe a bheidh bunaithe ar mhiotail, ar pholaiméir, ar ábhair cheirmeacha, ar ábhair bhitheolaíocha agus ar ábhair eile.	Is é is aidhm don ghníomhaíocht cur leis an éifeachtúlacht fuinnimh agus le hiomaíochas earraí nua il-ábhar agus ábhar agus táirgí ilfheidhmeacha nua le haghaidh feidhmeanna éagsúla, lena n-áirítear feidhmeanna bithleighis, sa mhonarú suimitheach.
4	Bithábhair, táirgí bithbhunaithe, agus táirgí a dhíorthaítear ó adhmad	Clár Oibre 2024 an Choimisiúin Beart a dhéanamh de réir briathair inniu agus ullmhú don lá amárach COM/2023/638 final *A sustainable Bioeconomy for Europe: Strengthening the connection between economy, society and the environment* [Bithgheilleagar Inbhuanaithe don Eoraip: An nasc idir an geilleagar, an tsochaí agus an comhshaol a neartú] COM/2018/673 final Timthriallta Carbóin Inbhuanaithe COM/2021/800 final	Caighdeáin nua a fhorbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin atá ann cheana maidir le bithábhair, táirgí bithbhunaithe agus táirgí a dhíorthaítear ó adhmad chun téarmaíocht a shainiú, modhanna tástála le haghaidh meastóireacht feidhmíochta a chomhchuibhiú, agus critéir feidhmíochta a leagan síos lena gcuirfear feabhas ar inbhuanaitheacht, in-athnuaiteacht agus in-bhithdhíghrádaitheacht. Rialacha maidir le catagóirí táirgí a fhorbairt chun tacú le EN 15804 le haghaidh táirgí adhmaid struchtúracha, painéil de bhunús adhmaid agus na gabhálais a bhaineann leo.	Is é an príomhchuspóir tacú le bonn tionsclaíoch an Aontais a nuachóiriú agus a neartú trí shlabhraí luacha nua agus próisis thionsclaíocha inbhuanaithe agus níos costéifeachtaí a chruthú, agus na hearnálacha agus na tionscail bhithbhunaithe a neartú agus a mhéadú, infheistíochtaí a scaoileadh agus borradh a chur faoin nglacadh sa mhargadh.

5	Ábhair shárfhorbartha	Clár Oibre 2024 an Choimisiúin Beart a dhéanamh de réir briathair inniu agus ullmhú don lá amárach COM/2023/638 final	Staidéar mapála a dhéanamh ar an gcaighdeánú atá ann cheana agus bearnaí a shainaithint maidir le hábhair shárfhorbartha (lena n-áirítear nana-ábhair agus graiféin) le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh.	Is é is aidhm don ghníomhaíocht na riachtanais chaighdeánacha le haghaidh glacadh nuálaíochta a mhapáil agus sábháilteacht agus inbhuanaitheacht ábhar ardfhorbartha a áirithiú, lena n-áirítear ionadú amhábhar criticiúil. Beidh sé sin mar bhonn chun caighdeáin a fhorbairt lena n-éascófar taighde agus nuálaíocht i bpróisis ionadaíochta inbhuanaithe agus lena n-éascófar gníomhaíochtaí comhpháirteacha a d'fhéadfadh a dhéanamh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

Gníomhaíochtaí chun caighdeáin Eorpacha nó táirgí insoláthartha Eorpacha caighdeánúcháin a thacaíonn leis an aistriú digiteach a fhorbairt agus a athbhreithniú

Tagairt	Teideal	Tagairt	Caighdeáin Eorpacha / táirgí insoláthartha Eorpacha caighdeánúcháin	Cuspóirí agus beartais shonracha maidir le caighdeáin Eorpacha / táirgí insoláthartha Eorpacha caighdeánúcháin
6	Ceanglais chibearshlándála le haghaidh táirgí a bhfuil eilimintí digiteacha acu	COM(2022)454 - Togra le haghaidh Rialachán maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí a bhfuil eilimintí digiteacha acu agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 (An Gníomh um Chibear-Athléimneacht)	Caighdeáin Eorpacha agus táirgí insoláthartha Eorpacha caighdeánúcháin a fhorbairt a chomhfhreagraíonn do shonraíochtaí bunriachtanacha cibearshlándála mar a leagtar amach sa Ghníomh um Chibear-Athléimneachta, agus go háirithe maidir leis an méid seo a leanas: (i) sonraíochtaí slándála a bhaineann le hairíonna táirgí a bhfuil eilimintí digiteacha acu agus sonraíochtaí láimhseála leochaileachtaí (ii) modheolaíochtaí maidir le leibhéil dearbhaithe a bhaineann le táirgí a bhfuil eilimintí digiteacha acu dá dtagraítear thuas; (iii) modheolaíochtaí meastóireachta chun meastóireacht a dhéanamh ar rioscaí cibearshlándála a bhaineann le táirgí a bhfuil eilimintí digiteacha acu.	Is é an príomhchuspóir dálaí a chruthú ina bhféadfar táirgí slána a bhfuil gnéithe digiteacha acu a fhorbairt trína áirithiú go gcuirtear táirgí bogearraí agus crua-earraí ar an margadh gan an oiread sin leochaileachtaí iontu agus atá iontu faoi láthair agus trína áirithiú go ndéanann monaróirí cúram den tslándáil ar feadh shaolré an táirge.
7	Teicneolaíochtaí candamacha	COM/2021/118 final/2 - *2030 Digital Compass: the European way for the Digital Decade* [Compás Digiteach 2030: an modh Eorpach le haghaidh na Deacáide Digití]	Caighdeáin Eorpacha a fhorbairt maidir le slabhraí soláthair le haghaidh ailtireachtaí cumarsáide agus ríomhairí candamacha modúlacha, agus le haghaidh na dteicneolaíochtaí a bhaineann leo a chumasaíonn ríomhaireacht ardfheidhmíochta Eorpach agus bonneagar cumarsáide candamaí Eorpach. Caighdeáin nua Eorpacha a fhorbairt maidir le sábháilteacht, príobháideachas agus cibearshlándáil na teicneolaíochta cumarsáide agus na ríomhaireachta candamaí, nó caighdeáin atá ann cheana maidir leo a athbhreithniú. Caighdeáin Eorpacha a fhorbairt maidir le slabhraí soláthair le haghaidh feistí foinse, bhraite agus mhéadreolaíochta chandamacha.	Is iad seo a leanas na príomhchuspóirí: (i) A áirithiú go mbaileofar riachtanais chaighdeánúcháin an tionscail (gnólachtaí nuathionscanta, FBManna, tionscail mhóra, etc.) go córasach agus gníomhaíochtaí caighdeánúcháin a chur chun cinn i measc saineolaithe sa tionscal chun tacú le gníomhaíochtaí caighdeánúcháin. (ii) Cáilíocht, sábháilteacht agus slándáil tháirgí agus sheirbhísí na dteicneolaíochtaí candamacha a áirithiú mar lena n-idir-inoibritheacht, rud atá riachtanach le haghaidh fhorbairt (tráchtála) na dteicneolaíochtaí candamacha agus chur chun úsáide na mbonneagar uile-Aontais, agus muinín a chothú i measc díoltóirí, custaiméirí agus soláthraithe seirbhíse. (iii) An caighdeánú a chur chun cinn i gcomhréir le beartais an Aontais.

8	Creat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí - COM/2021/281 final	Caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta a ailíniú, lena n-ionchorpraítear Creat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach atá comhtháite. Áirítear leis sin tuarascálacha teicniúla, caighdeáin, agus treoirlínte a cheapadh le haghaidh Thiachóg na Céannachta Digití ón Aontas agus ríomhdhearbhuithe.	Is é is aidhm dó saoránaigh a chumhachtú le céannacht dhigiteach a aitheanta ar fud an domhain atá slán agus so-úsáidte, rud a réiteoidh an bealach le haghaidh idirbhearta agus deiseanna gnó feabhsaithe ar líne, agus luachanna cosanta sonraí na hEorpa á gcaomhnú ag an am céanna.
9	Fíorú aoise ar líne	COM(2022) 212 final - Cumhachtú digiteach (An chaoi le leanaí a chumhachtú ar bhealach níos fearr maidir le roghanna fónta a dhéanamh ar líne) (BIK+) Togra le haghaidh Rialachán ó pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí COM/2021/281 final	Caighdeáin nua Eorpacha a fhorbairt maidir le dearbhú aoise / fíorú aoise ar líne, faoi chuimsiú an togra le haghaidh togra maidir le creat céannachta Eorpach (eID).	Is é an príomhchuspóir sábháilteacht na leanaí ar líne a fheabhsú trí fhíorú aoise a bheidh slán, deimhnithe agus idir-inoibritheach (córais chun seirbhísí ar líne a rochtain ar fud an Aontais). Is é an aidhm an mhuinín agus an iontaoibh as sásraí fíoraithe aoise a chothú agus, go háirithe, an riosca a íoslaghdú go ndéanfaidh leanaí ar ábhar atá míchuí ó thaobh aoise de a rochtain.
10	Creat Sonraí Iontaofa an Aontais Eorpaigh	Rialachán (AE) 2022/868 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le rialachas sonraí Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (an Gníomh um Rialachas Sonraí) Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le rialacha comhchuibhithe maidir le rochtain chothrom ar shonraí agus maidir le húsáid chothrom sonraí (An Ionstraim um Shonraí)	Sraith chuimsitheach caighdeán, cleachtas agus rialacha chun comhroinnt iontaofa sonraí atá comhlíontach ó thaobh an dlí de a áirithiú i measc páirtithe, lena n-áirítear idirghabhálaithe sonraí agus eagraíochtaí altrúchais. Cuimsítear leis sin caighdeáin catalóige sonraí maidir le sócmhainní sonraí a fhoilsiú agus a aimsiú, caighdeáin ointeolaíochta le haghaidh comhtháthú agus úsáid sonraí comhroinnte, agus eochairtháscairí feidhmíochta coiteanna chun spásanna Eorpach sonraí a threorú i dtreo idir-inoibritheachta trasréimse, agus trédhearcacht agus úsáid á bhfeabhsú. Déanfar gach gníomhaíocht a chomhordú go dlúth leis an mBord Eorpach um Nuálaíocht Sonraí agus, i gcás inarb ábhartha, le hIonad Tacaíochta na Spásanna Sonraí.	Bíonn dúshláin shuntasacha idir-inoibritheachta roimh tháirgeoirí agus úsáideoirí sonraí agus sonraí ó fhoinsí éagsúla á gcur le chéile acu, laistigh d'earnálacha agus ar fud earnálacha araon. Tá sé ríthábhachtach go spreagfar formáidí agus prótacail atá caighdeánach agus comhoiriúnach a ghlacadh le haghaidh bailiú agus próiseáil sonraí comhleanúnach ar fud na n-earnálacha, agus is féidir iad a chur chun cinn tríd an bplean rollach le haghaidh chaighdeánú TFC agus trí Chreat Eorpach Idir-inoibritheachta treisithe. Is iad na príomhspriocanna feabhas a chur ar Inaimsitheacht, Ath-inúsáideacht agus Idir-inoibritheacht sonraí — rudaí atá ag croílár na bprionsabal maidir le sonraí FAIR — chun an Geilleagar Eorpach Sonraí a neartú. Spásanna Coiteanna Sonraí Eorpacha, a fhaigheann tacaíocht ó bhealaí cistiúcháin an Aontais amhail Fís Eorpach agus an Eoraip Dhigiteach, bíonn gach ceann acu ag forbairt ar luas uathúil. Tá sé ríthábhachtach idir-inoibritheacht a áirithiú ar fud na spásanna sin, rud a réiteoidh an bealach chun uirlisí cineálacha a fhorbairt agus a chabhróidh le gnólachtaí atá gníomhach ar fud an iliomad réimsí sonraí.

11	Idir-inoibritheacht le haghaidh seirbhísí próiseála sonraí	Rialachán ó pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le rialacha comhchuibhithe maidir le rochtain chothrom ar shonraí agus maidir le húsáid chothrom sonraí (An Ionstraim um Shonraí)	Caighdeáin chomhchuibhithe a fhorbairt le haghaidh idir-inoibritheacht seirbhísí próiseála sonraí lena gcomhlíontar na ceanglais fhíor-riachtanacha faoi mhír 1 agus faoi mhír 2 den Ghníomh um Shonraí. D'fhéadfaí a áireamh leis sin obair ar bhonn na sonraíochtaí idir-inoibritheachta oscailte atá ann cheana arna bhforbairt ag an earnáil tionsclaíochta.	Is é an príomhchuspóir atá ann go mbeidh Caibidil VI den Ghníomh um Shonraí inoibrithe. Tá forálacha sa chaibidil chun ligean d'úsáideoirí seirbhísí próiseála sonraí malartú idir soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí. Ionas gur féidir an malartú a dhéanamh, ní mór do sholáthraithe seirbhíse próiseála sonraí comhéadain oscailte a chur ar fáil do chustaiméirí. Ar an iomlán, ní féidir malartú a dhéanamh ach amháin má tá seirbhísí próiseála sonraí idir-inoibritheach. Sin é an fáth go bhféachann Airteagal 29 den Ghníomh um Shonraí le 'teanga choiteann' a bhunú i measc seirbhísí próiseála sonraí. Chuige sin, cumhachtaítear an Coimisiún sainordú caighdeánúcháin a sheoladh.
12	Sonraí custaiméirí san earnáil árachais	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat le haghaidh Rochtain ar Shonraí Airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010, (AE) Uimh. 1095/2010 agus (AE) 2022/2554 COM/2023/360 final	Caighdeáin nua a fhorbairt chun rochtain ar shonraí árachais custaiméirí san earnáil airgeadais a éascú agus comhroinnt na sonraí sin a chumasú. Leis an ngníomhaíocht seo, tacaítear le beartas an Choimisiúin maidir le rochtain ar shonraí a neartú i seirbhísí airgeadais (táirge insoláthartha Chlár Oibre an Choimisiúin 2023) agus tacaítear leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán maidir le creat le haghaidh rochtain ar shonraí airgeadais.	Is é is cuspóir leis seo a áirithiú gur féidir le custaiméirí san earnáil airgeadais rochtain a fháil ar a gcuid sonraí bunaithe ar chaighdeáin choiteanna, de réir an togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán maidir le creat le haghaidh rochtain ar shonraí airgeadais. Áirítear leis sin go sonrach an oibleagáid atá ar ghnólachtaí árachais ('sealbhóirí sonraí') sonraí árachais neamhshaoil (e.g. sonraí sócmhainní, sonraí conartha agus sonraí táirgí) a chomhroinnt le tríú páirtithe ceadúnaithe ('úsáideoirí sonraí') arna iarraidh sin don chustaiméir bunaithe ar chaighdeáin choiteanna. Beidh raon feidhme an ghnímh dhlíthiúil chríochnaithigh le comhlíonadh leis an obair chaighdeánúcháin a luaithe a ghlacfar an togra le haghaidh rialachán maidir le creat le haghaidh rochtain ar shonraí airgeadais.

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1364/oj

13	Éiceachóras réaltachta fíorúla agus breisithe atá slán agus idir-inoibritheach, agus geilleagar fíorúil	Tionscnamh de chuid an Aontais maidir leis an nGréasán 4.0 agus na domhain fhíorúla: buntáiste i dtreo an chéad aistrithe teicneolaíochta eile - COM/2023/442 final	Measúnú staide agus moltaí maidir le caighdeáin le haghaidh comhéadain duine-ríomhairí, ríomhaireacht spásúil, cur in úsáid aipeanna, slándáil agus cumarsáid gléasanna, braiteoirí bithmhéadracha i ngléasanna, samhail réaltachta fíorúla agus samhail réaltachta breisithe a stóráil agus a mhalartú — lena n-áirítear dearaí sócmhainní fíorúla — agus caighdeáin le haghaidh an gheilleagair fhíorúil agus na sochaí fíorúla lena dtugtar aghaidh ar shainaithint, úinéireacht, cosaint maoine intleachtúla, agus sábháilteacht leanaí.	Tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún Web 4.0 agus domhain fhíorúla a bheith ann a chumhachtófar le teicneolaíochtaí agus caighdeáin oscailte agus ard-dáilte lena gcumasófar idir-inoibritheacht idir ardáin agus líonraí agus saoirse rogha d'úsáideoirí, agus ina mbeidh an inbhuanaitheacht, an cuimsiú agus an inrochtaineacht i gcroílár na bhforbairtí teicneolaíochta. Chun a chinntiú go ndéanfar Web 4.0 agus domhain fhíorúla a dhearadh mar spás oscailte slán, agus urraim á tabhairt do luachanna agus do rialacha an Aontais, tá gá le rannpháirtíocht idirnáisiúnta. Rachaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara, i dteagmháil leis na príomheagraíochtaí atá gníomhach i bhforbairt caighdeán.
14	Comhchuibhiú barrachód chun ticéadú idir-inoibritheach a chumasú trí bharrachód a úsáid.	PLAN/2021/10509 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin mhargaidh lena gcuirtear bac ar fhorbairt Seirbhísí Digiteacha le haghaidh Soghluaisteacht Ilmhódach	Caighdeáin Eorpacha a fhorbairt maidir le barrachód a úsáid in iarratais ticéadaithe lena gcumhdaítear modhanna ticéadaithe éagsúla le barrachóid mhodúlacha ar fhóin chliste agus ar thicéid pháipéir le haghaidh seirbhísí soghluaisteachta.	Is é an sprioc atá ann go mbeidh iompar ilmhódach rianúil ann le haghaidh paisinéirí faoi 2030. Is féidir é sin a éascú go mór trí thicéadú leictreonach comhtháite agus trí chaighdeán de chuid an Aontais maidir le barrachóid idir-inoibritheacha atá bailí ar fud na modhanna iompair.
15	Athbhreithniú ar an iarraidh ar chaighdeánú chun tacú le beartas an Aontais maidir leis an intleacht shaorga	Togra le haghaidh Rialachán lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) agus lena leasaítear gníomhartha áirithe reachtacha de chuid an Aontais COM/2021/206 final	Sonraíochtaí teicniúla a leagan síos lena dtacaítear le cur chun feidhme an ghnímh atá ar na bacáin maidir leis an intleacht shaorga, lena n-áirítear gnéithe a bhaineann le bainistiú riosca, cáilíocht sonraí, coinneáil taifead, trédhearcacht, formhaoirseacht dhaonna, cruinneas, stóinseacht, cibearshlándáil, bainistiú cáilíochta, measúnú comhréireachta, sainaithint bhithmhéadrach, feidhmíocht acmhainní córas intleachta saorga, agus forbairt atá tíosach ar fhuinneamh ar shamhlacha ilfheidhmeacha na hintleachta saorga.	A áirithiú go bhféadfaidh córais intleachta saorga a bheith sábháilte agus iontaofa, go ndéanfar faireachán iomchuí orthu feadh a saolré, go n-urramófar na luachanna bunúsacha agus cearta an duine a aithnítear san Aontas agus go neartófar iomaíochas na hEorpa leo.

Gníomhaíochtaí chun caighdeáin Eorpacha nó táirgí insoláthartha Eorpacha caighdeánúcháin a thacaíonn leis an aistriú glas a fhorbairt agus a athbhreithniú				
Tagairt	Teideal	Tagairt	Caighdeáin Eorpacha / táirgí insoláthartha Eorpacha caighdeánúcháin	Cuspóirí agus beartais shonracha maidir le caighdeáin Eorpacha / táirgí insoláthartha Eorpacha caighdeánúcháin
16	Teicneolaíochtaí agus comhpháirteanna hidrigine	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis na margaí inmheánacha le haghaidh gáis inathnuaite agus nádúrtha agus hidrigin COM(2021) 804 final Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle	Caighdeáin Eorpacha a fhorbairt um cháilíocht, teicneolaíocht agus sábháilteacht maidir le monarú agus úsáid hidrigine.	Feabhas a chur ar fhorbairt agus cothabháil an bhonneagair hidrigine agus comhpháirteanna teicneolaíochta ar an margadh aonair.
17	Iompar agus stóráil hidrigine	Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2009, (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 agus Treoracha 2009/73/CE agus (AE) 2019/944, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh na margaí inmheánacha i ngáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus sa hidrigin COM/2021/803 final	Caighdeáin Eorpacha atá ann cheana maidir le cáilíocht agus sábháilteacht na hidrigine a athbhreithniú agus caighdeáin nua a fhorbairt – rud atá ábhartha maidir le hinstealladh isteach san eangach hidrigine tiomnaithe, agus maidir le húsáidí deiridh, lena n-áirítear breoslaí hidrigin-bhunaithe.	Uas-scálú na modhanna iompair agus stórála le haghaidh hidrigine a éascú agus a chur chun cinn, rud a éascóidh an t-athrú ó bhreoslaí agus amhábhair iontaise in earnálacha is deacair a dhícharbónú.

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1364/oj

18	Coimeádáin le haghaidh hidrigine (hidrigin leachtach agus ghásach) in iompar ar uiscebhealaí intíre	TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN NAIADES III:*Boosting future-proof European inland waterway transport* [Borradh a chur faoi iompar ar uiscebhealaí intíre Eorpach a sheasfaidh an aimsir] - COM/2021/324 final Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/87/CE	Caighdeáin Eorpacha a fhorbairt chun feabhas a chur ar shábháilteacht an iompair ar uisce intíre a bhreoslaítear le hidrigin trí chaighdeáin maidir le soithí a iompraíonn coimeádáin hidrigine a ailíniú le pointí athbhreoslaithe lena n-áirítear coimeádáin inbhabhtáilte.	Is é an sprioc atá ann teorainn a chur leis an am le haghaidh buncaeireacht agus athbhreoslú hidrigine agus le glacadh teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha chun astaíochtaí ón earnáil iompair a laghdú, lena n-áiritheofar sábháilteacht na hoibríochta.
19	Teicneolaíochtaí srutha dhírigh ísealvóltais	TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh COM/2022/221 final	Caighdeáin Eorpacha agus táirgí insoláthartha Eorpacha caighdeánúcháin a fhorbairt lena dtacaítear le comhtháthú na grianchumhachta leictrí sa chóras fuinnimh.	Rannchuidiú le cur chun úsáide gasta na dteicneolaíochtaí fótavoltacha agus na dteicneolaíochtaí teirmeacha gréine.
20	Eangacha leictreachais	TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN *Grids, the missing link - An EU Action Plan for Grids* [Eangacha, an lúb ar lár – Plean Gníomhaíochta an Aontais le haghaidh Eangach] COM/2023/757 final	Caighdeáin Eorpacha agus táirgí insoláthartha Eorpacha caighdeánúcháin a fhorbairt, go háirithe i bhfoirm comhaontú ceardlainne chun sonraíochtaí coiteanna a leagan síos lena n-úsáid ag oibreoirí córais tarchurtha le haghaidh leictreachais i dtreo monaróirí eangach.	Tá sé d'aidhm ag an ngníomhaíocht costais a laghdú, dlús a chur le seachadadh tionscadal, méadú a chur ar an méid aschuir is féidir le soláthróirí leictreachais a tháirgeadh leis na saoráidí monaraíochta atá ann cheana, agus é a chur ar a gcumas do sholáthraithe ar fud an Aontais rochtain níos fearr a bheith acu ar mhargaí eile laistigh den Eoraip.
21	Éicidhearthóireacht i ndáil le caidéil uisce	Rialachán (AE) Uimh. 547/2012 ón gCoimisiún an 25 Meitheamh 2012 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh caidéil uisce	Na caighdeáin atá ann cheana a athbhreithniú agus caighdeáin nua a fhorbairt maidir le modhanna tomhais agus ríomha na sonraíochtaí éicidhearthóireachta le haghaidh caidéil uisce.	Is é an príomhchuspóir ídiú fuinnimh na gcaidéal uisce a laghdú, agus cur chuige táirgí leathnaithe á mheas, agus d'fhéadfaí gnéithe eile e.g. gnéithe a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach a fhiosrú.

22	Éicidhearthóireacht agus lipéadú fuinnimh le haghaidh miasniteoirí tí	Rialachán (AE) 2019/2022 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2019 lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh miasniteoirí tí de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1275/2008 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1016/2010 ón gCoimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2017 ón gCoimisiún an 11 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh le haghaidh miasniteoirí tí agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1059/2010 ón gCoimisiún	Na caighdeáin atá ann cheana a athbhreithniú agus caighdeáin nua a fhorbairt maidir le modhanna tomhais agus ríomha na sonraíochtaí éicidhearthóireachta agus lipéadaithe le haghaidh miasniteoirí tí.	Is é an príomhchuspóir ídiú fuinnimh na miasniteoirí tí a laghdú agus a n-éifeachtúlacht acmhainne a fheabhsú.
23	Éicidhearthóireacht agus lipéadú fuinnimh - fearais chócaireachta	Rialachán (AE) Uimh. 66/2014 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2014 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh oighinn bhaile, iartaí agus cochaill sorn	Athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin atá ann cheana maidir le fearais chócaireachta agus caighdeáin nua a fhorbairt.	Ídiú fuinnimh na bhfearas cócaireachta a laghdú.
24	Éicidhearthóireacht agus lipéadú fuinnimh - taispeántí leictreonacha	Rialachán (AE) 2019/2021 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2019 lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta maidir le taispeántí leictreonacha de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1275/2008 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 642/2009 ón gCoimisiún	Athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin atá ann cheana maidir le taispeántí leictreonacha a chumhdaíonn feidhm ionchódaithe ardraoin dhinimiciúil (HDR) agus leibhéil taifigh os cionn 4k (nó HD), agus caighdeáin nua a fhorbairt, lena leagtar síos modh sonrach tástála maidir le hiompraíocht ABC, agus lena n-oiriúnaítear modhanna fíoraithe maidir le hábhar breiseán plaisteach.	Ídiú fuinnimh na dtaispeántí leictreonacha a laghdú (teilifíseáin, monatóirí), lena gcumhdaítear HDR agus leibhéil taifigh os cionn 4k (nó HD), trí mhodh sonrach tástála a leagan síos maidir le ABC agus trí mhodhanna fíoraithe a chur in oiriúint d'ábhar breiseán plaisteach.

25	Éicidhearthóireacht agus lipéadú fuinnimh le haghaidh foinsí solais	Rialachán (AE) 2019/2020 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2019 lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh foinsí solais agus gléasanna rialaithe ar leithligh de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 244/2009, (CE) Uimh. 245/2009 agus (AE) Uimh. 1194/2012 ón gCoimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2015 ón gCoimisiún an 11 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh le haghaidh foinsí solais agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 874/2012 ón gCoimisiún	Athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin atá ann cheana agus caighdeáin nua a fhorbairt lena gcumhdaítear nósanna imeachta agus modhanna chun na paraiméadair is gá a thomhas maidir le foinsí solais LED agus foinsí solais OLED.	Ídiú fuinnimh foinsí solais a laghdú, lena mbainfear amach thart ar 41,9 TWh de choigilteas fuinnimh deiridh bliantúil in 2030.
26	Éicidhearthóireacht agus lipéadú fuinnimh le haghaidh téitheoirí spáis áitiúla	Rialachán (AE) Uimh. 2015/1188 ón gCoimisiún an 28 Aibreán 2015 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh téitheoirí spáis áitiúla Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1186 ón gCoimisiún an 24 Aibreán 2015 lena bhforlíontar Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le lipéadú fuinnimh le haghaidh téitheoirí spáis áitiúla	Athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin atá ann cheana maidir le téitheoirí spáis áitiúla agus caighdeáin nua a fhorbairt.	Ídiú fuinnimh na dtéitheoirí spáis áitiúla a laghdú agus an tionchar atá acu ar an gcomhshaol a theorannú a thuilleadh.
27	Éicidhearthóireacht téitheoirí spáis áitiúla breosla sholadaigh	Rialachán (AE) 2015/1185 ón gCoimisiún an 24 Aibreán 2015 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh téitheoirí spáis áitiúla breosla sholadaigh	Athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin atá ann cheana maidir le téitheoirí spáis áitiúla breosla sholadaigh agus caighdeáin nua a fhorbairt.	Ídiú fuinnimh na dtéitheoirí spáis áitiúla breosla sholadaigh a laghdú agus an tionchar atá acu ar an gcomhshaol a theorannú a thuilleadh.

28	Éicidhearthóireacht agus lipéadú fuinnimh le haghaidh táirgí fótavoltacha (modúil, inbhéartóirí agus córais)	Rialachán PLAN/2020/7002 ón gCoimisiún lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí fótavoltacha (modúil, inbhéartóirí agus córais) Rialachán Tarmligthe PLAN/2020/7007 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le lipéadú fuinnimh le haghaidh táirgí fótavoltacha (modúil, inbhéartóirí agus córais)	Caighdeáin nua a fhorbairt maidir le táirgí fótavoltacha (modúil, inbhéartóirí agus córais), chun tacú le tomhas agus ríomh na bparaiméadar táirgí ábhartha – trí mhodhanna tomhais iontaofa, cruinne agus in-atáirgthe lena gcuirtear san áireamh na modhanna tomhais úrscothacha a bhfuil glacadh ginearálta leo.	Na tionchair a bhíonn ag táirgí fótavoltacha (modúil, inbhéartóirí agus córais) ar an gcomhshaol a laghdú.
29	Éicidhearthóireacht agus lipéadú fuinnimh le haghaidh fóin chliste agus táibléad	RIALACHÁN (AE) / ÓN gCOIMISIÚN lena leagtar síos ceanglais maidir le héicidhearthóireacht le haghaidh fóin chliste, fóin phóca nach fóin chliste iad, fóin shiúil agus ríomhairí táibléid de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/826 ón gCoimisiún C/2023/3538 final Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1669 ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh ar fhóin chliste agus ríomhairí táibléid	Caighdeáin nua a fhorbairt maidir le fóin chliste agus táibléid, chun tacú le tomhas agus ríomh na bparaiméadar táirgí ábhartha trí mhodhanna tomhais iontaofa, cruinne agus in-atáirgthe lena gcuirfí san áireamh na modhanna tomhais úrscothacha a bhfuil glacadh ginearálta leo.	Na tionchair a bhíonn ag fóin chliste agus táibléid ar an gcomhshaol a laghdú.
30	Éicidhearthóireacht agus lipéadú fuinnimh le haghaidh coirí breosla sholadaigh	Rialachán (AE) Uimh. 2015/1189 ón gCoimisiún an 28 Aibreán 2015 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh coirí breosla sholadaigh Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1187 ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2015 lena bhforlíontar Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh coirí agus pacáistí coire breosla sholadaigh, téitheoirí forlíontacha, rialuithe teochta agus grianfheistí	Na caighdeáin atá ann cheana a athbhreithniú agus caighdeáin nua a fhorbairt maidir le modhanna tomhais agus ríomha na sonraíochtaí éicidhearthóireachta agus lipéadaithe le haghaidh coirí breosla sholadaigh.	Is é an príomhchuspóir ídiú fuinnimh na gcoirí breosla sholadaigh a laghdú.

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1364/oj

31	Éicidhearthóireacht agus lipéadú fuinnimh le haghaidh téitheoirí spáis	Rialachán (AE) Uimh. 813/2013 ón gCoimisiún an 2 Lúnasa 2013 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh téitheoirí spáis agus comhthéitheoirí Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 811/2013 ón gCoimisiún an 18 Feabhra 2013 lena bhforlíontar Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le lipéadú fuinnimh téitheoirí spáis, comhthéitheoirí, pacáistí téitheora spáis, feiste rialaithe teochta agus grianfheiste agus pacáistí comhthéitheora, rialaithe teochta agus grianfheiste	Athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin atá ann cheana maidir le téitheoirí spáis agus comhthéitheoirí agus caighdeáin nua a fhorbairt, chun tacú le paraiméadair táirgí ábhartha a thomhas trí mhodhanna tomhais iontaofa, cruinne agus in-atáirgthe, lena gcuirfí san áireamh na modhanna tomhais úrscothacha a bhfuil glacadh ginearálta leo.	Ídiú fuinnimh, leibhéal cumhachta na fuaime agus ceanglais astaíochtaí ocsaídí nítrigine a chaighdeánú le haghaidh téitheoirí spáis agus comhthéitheoirí ar fud an Aontais. Ba cheart go gcuideodh sé sin le feabhas a chur ar oibriú an mhargaidh aonair agus ar fheidhmíocht chomhshaoil na dtáirgí sin.
32	Éicidhearthóireacht agus lipéadú fuinnimh le haghaidh téitheoirí uisce	Rialachán (AE) Uimh. 814/2013 ón gCoimisiún an 2 Lúnasa 2013 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh téitheoirí uisce agus umair stórála uisce the Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 812/2013 ón gCoimisiún an 18 Feabhra 2013 lena bhforlíontar Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le lipéadú fuinnimh le haghaidh téitheoirí uisce, umair stórála uisce the agus pacáistí téitheora uisce agus grianfheiste	Athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin atá ann cheana maidir le téitheoirí uisce agus umair stórála uisce the agus caighdeáin nua a fhorbairt, chun tacú le paraiméadair táirgí ábhartha a thomhas trí mhodhanna tomhais iontaofa, cruinne agus in-atáirgthe, lena gcuirfí san áireamh na modhanna tomhais úrscothacha a bhfuil glacadh ginearálta leo.	Ídiú fuinnimh, leibhéal cumhachta na fuaime agus sonraíochtaí astaíochtaí ocsaídí nítrigine na dtéitheoirí uisce agus sonraíochtaí maidir le caillteanais sheasta a n-umar stórála uisce the a chaighdeánú ar fud an Aontais. Ba cheart go gcuideodh sé sin le feabhas a chur ar oibriú an mhargaidh aonair agus ar fheidhmíocht chomhshaoil na dtáirgí sin.
33	Éicidhearthóireacht teaschaidéal agus aerchóiritheoirí aer go haer	Rialachán (AE) Uimh. 206/2012 ón gCoimisiún an 6 Márta 2012 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh aerchóiritheoirí agus gaothráin chompoird arna leasú le Rialachán (AE) 2016/2282 ón gCoimisiún an 30 Samhain 2016	Athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin atá ann cheana maidir le teaschaidéal agus aerchóiritheoirí aer go haer, agus caighdeáin nua a fhorbairt, trí mhodhanna tomhais iontaofa, cruinne agus in-atáirgthe lena gcuirfí úrscothacht a bhfuil glacadh ginearálta leo san áireamh.	Ídiú fuinnimh na dteaschaidéal agus na n-aerchóiritheoirí aer go haer a laghdú le linn a gcéime úsáide, chomh maith lena leibhéal cumhachta fuaime.

34	Éicidhearthóireacht mótar leictreach	Rialachán (AE) 2019/1781 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2019 lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh mótair leictreacha agus tiomántáin luais inathraithe de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 641/2009 a mhéid a bhaineann le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh athfhillteoirí leithleacha gan dlúthaire agus athfhillteoirí gan dlúthaire a comhtháthaíodh i dtáirgí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 640/2009 ón gCoimisiún	Na caighdeáin atá ann cheana a athbhreithniú agus an méid seo a leanas á chur san áireamh: (1) sonraíochtaí maidir le héifeachtúlacht acmhainní a leagan síos, lena n-áirítear tearc-chré a shainaithint agus a athúsáid i mótair bhuanmhaighnéadacha; (2) an leibhéal lamháltas fíorúcháin a leagan síos; (3) aicmí modha agus fuinnimh le haghaidh mótair ag a bhfuil voltas rátaithe os cionn 1000 V a leagan síos; (4) teaglamaí mótar agus tiomántán luais inathraithe a dhíoltar le chéile, chomh maith le tiomántáin chomhtháite luais inathraithe (dlúth-thiomántáin), a bhunú; (5) cineálacha eile mótar a chur leis an réim, lena n-áirítear mótair bhuanmhaighnéadacha.	Modhanna tástála a bheidh in-athdhéanta, in-atáirgthe, cost-éifeachtach agus ábhartha le haghaidh cleachtais a sholáthar chun ídiú fuinnimh na mótar leictreach a thomhas d'fhonn a ráta caillteanais fuinnimh a laghdú sa chaoi go gcuirfear le feidhmiú an mhargaidh aonair agus le coigilteas fuinnimh.
35	Éicidhearthóireacht an trealaimh tí agus oifige leictrigh agus leictreonaigh	Rialachán (AE) 2023/826 ón gCoimisiún an 17 Aibreán 2023 lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta maidir le hídiú leictreachais móid 'as', móid fuireachais, agus móid fuireachais líonra trealamh tí agus oifige leictreach agus trealamh tí agus oifige leictreonach de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1275/2008 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 107/2009 ón gCoimisiún	Athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin atá ann cheana maidir le trealamh tí agus oifige leictreach agus leictreonach agus caighdeáin nua a fhorbairt.	Ídiú fuinnimh an trealaimh tí agus oifige leictrigh agus leictreonaigh a laghdú le linn don mhód fuireachais, don mhód múchta agus don fhuireachais líonra a bheith i bhfeidhm.
36	Éicidhearthóireacht na soláthairtí seachtracha cumhachta	Rialachán (AE) 2019/1782 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2019 lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh soláthairtí seachtracha cumhachta de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 278/2009 ón gCoimisiún	Athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin atá ann cheana maidir le soláthairtí seachtracha cumhachta agus caighdeáin nua a fhorbairt, chun tacú le paraiméadair táirgí ábhartha a thomhas trí mhodhanna tomhais iontaofa, cruinne agus in-atáirgthe, lena gcuirfí san áireamh na modhanna tomhais úrscothacha a bhfuil glacadh ginearálta leo.	Is é an príomhchuspóir ídiú fuinnimh soláthairtí seachtracha cumhachta a chaighdeánú, agus ar an gcaoi sin cur le feidhmiú an mhargaidh aonair agus le coigilteas fuinnimh.

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1364/oj

37	Éicidhearthóireacht na ngaothrán tionsclaíoch	Rialachán (AE) Uimh. 327/2011 ón gCoimisiún an 30 Márta 2011 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh gaothráin mhótarthiomáinte ag a bhfuil cumhacht ionchuir leictrigh idir 125 W agus 500 kW	Athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin atá ann cheana agus caighdeáin nua a fhorbairt chun cur chuige táirgí leathnaithe a chumasú, go háirithe trí líon leordhóthanach pointí oibriúcháin a shainaithint mar aon le modh idirshuímh/ríomha agus/nó cuar saintréithe. Modhanna tomhais díreacha a chomhlánú le modhanna iomchuí ríomha/idirshuímh agus a mbailíocht a chainníochtú. Modhanna maidir le gaothráin imshruthaithe agus gaothráin mhóra chompoird agus gaothráin mhóra a bhunú e.g. trí eachtarshuíomh ó shamhlacha scálaithe.	Modhanna tástála a bheidh in-athdhéanta, in-atáirgthe, costéifeachtach agus ábhartha le haghaidh cleachtais a sholáthar chun ídiú fuinnimh na ngaothrán tionsclaíoch a thomhas d'fhonn a ráta caillteanais fuinnimh a laghdú sa chaoi go gcuirfear le feidhmiú an mhargaidh aonair agus le coigilteas fuinnimh.
38	Éicidhearthóireacht tiomántán luais inathraithe	Rialachán (AE) 2019/1781 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2019 lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh mótair leictreacha agus tiomántáin luais inathraithe de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 641/2009 i dtaca le ceanglais éicidhearthóireachta maidir le hathfhillteoirí leithleacha gan dlúthaire agus athfhillteoirí gan dlúthaire a comhtháthaíodh i dtáirgí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 640/2009 ón gCoimisiún	Athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin atá ann cheana mar aon leis an méid seo a leanas: 1) aghaidh a thabhairt ar chaillteanais córais a bhaineann go díreach le tiomántáin luais inathraithe, go háirithe caillteanais réamhtheachtacha san eangach nuair nach sruth síneasóideach é an sruth ionchuir, agus caillteanais armónacha iartheachtacha sa mhótar; (2) an leibhéal lamháltas fíorúcháin a leagan síos; (3) más infheidhme, aicmí fuinnimh a chur leo chun tiomántáin níos éifeachtúla a spreagadh; (4) sonraíochtaí a leagan síos le haghaidh teaglamaí mótar agus tiomántán luais inathraithe a dhíoltar le chéile, chomh maith le tiomántáin chomhtháite luais inathraithe (dlúth-thiomántáin); (5) cineálacha eile tiomántán luais inathraithe faoin raon feidhme a chur leo.	Modhanna tástála a bheidh in-athdhéanta, in-atáirgthe, cost-éifeachtach agus ábhartha le haghaidh cleachtais a sholáthar chun ídiú fuinnimh / caillteanais fuinnimh na dtiomántán luais inathraithe a thomhas d'fhonn a ráta caillteanais fuinnimh a laghdú sa chaoi go gcuirfear le feidhmiú an mhargaidh aonair agus le coigilteas fuinnimh.
39	Éicidhearthóireacht le haghaidh freastalaithe agus táirgí stórála sonraí	Rialachán (AE) 2019/424 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh freastalaithe agus táirgí stórála sonraí de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 617/2013 ón gCoimisiún	Caighdeán Eorpach nua a fhorbairt chun éifeachtúlacht, feidhmíocht agus éileamh cumhachta táirgí stórála sonraí a thomhas agus a ríomh agus chun feidhmiúlacht Bainistíochta Cumhachta Próiseálaí freastalaithe a thréithriú.	Is é an príomhchuspóir cabhrú le hardleibhéal feidhmíochta comhshaoil freastalaithe agus táirgí stórála sonraí a áirithiú ar fud an Aontais agus ar an gcaoi sin, rannchuidiú le saorghluaiseacht na dtáirgí sin san Aontas
40	Dearadh éicidhearthóireachta na gclaochladán beagchumhachta, meánchumhachta agus mórchumhachta	Rialachán (AE) Uimh. 548/2014 ón gCoimisiún an 21 Bealtaine 2014 maidir le cur chun feidhme Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le claochladáin bheagchumhachta, mheánchumhachta agus mhórchumhachta	Caighdeán Eorpach nua a fhorbairt chun éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht claochladáin bheagchumhachta, mheánchumhachta agus mhórchumhachta a thomhas agus a ríomh.	Is é an príomhchuspóir ardleibhéal feidhmíochta comhshaoil a áirithiú le haghaidh claochladáin bheagchumhachta, mheánchumhachta agus mhórchumhachta agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le saorghluaiseacht na dtáirgí sin san Aontas agus le coigilteas fuinnimh.

41	Aistrithe carbóin i dtáirgí foirgníochta	TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN - *New EU Forest Strategy for 2030* - Straitéis Foraoise nua an Aontais le haghaidh 2030 COM/2021/572 final TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le Timthriallta Inbhuanaithe Carbóin COM/2021/800 final	Creat caighdeánaithe maidir le measúnú dinimiciúil saolré a fhorbairt chun cuntas níos cruinne a dhéanamh d'aistrithe carbóin a bhaineann le stóráil carbóin i dtáirgí foirgníochta.	Is é an príomhchuspóir an dul chun cinn a rinneadh i measúnú dinimiciúil saolré a chur san áireamh chun cuntas níos fearr a dhéanamh do stóráil carbóin i gcaighdeáin maidir le táirgí foirgníochta, go príomha nuair a bhíonn tosca tréithrithe am-spleácha á n-úsáid, ar tosca iad a chuirtear i bhfeidhm maidir le fardal dinimiciúil saolré.
42	Athléimneacht aeráide an bhonneagair	TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN *Forging a climate-resilient Europe-the new EU Stratam on Adaptation to Climate Change* [Eoraip atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a chruthú – straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide] COM/2021/82 final - pointe 2.3.2	Athbhreithniú a dhéanamh de réir eolas úrscothach ar réimse níos leithne caighdeán maidir le sócmhainní (lena n-áirítear sócmhainní nach mbaineann le bonneagar), ar sócmhainní iad atá leochaileach do thionchair aeráide, d'fhonn a n-athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú.	Athléimneacht an stoic bhonneagair atá ann cheana agus mórthionscadail bhonneagair nua in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú.
43	Iompar agus stóráil bhuan dé-ocsaíde carbóin	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú (An Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta) - COM/2023/161 final	Caighdeáin nua Eorpacha a fhorbairt maidir le dé-ocsaíd charbóin a iompar trí phíblínte, longa, traenacha agus trucailí agus maidir lena buanstóráil gheolaíoch.	Is é an príomhchuspóir idir-inoibritheacht ard a áirithiú maidir le bonneagar iompair dé-ocsaíde carbóin atá ag teacht chun cinn agus maidir le hacmhainneachtaí buana stórála.
44	Bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha	Rialachán (AE) 2023/1804 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le himscaradh bonneagair breoslaí malartach, agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE	Caighdeáin Eorpacha a fhorbairt maidir leis na nithe seo a leanas: — Caighdeán maidir le Bonneagar Eochrach Poiblí (PKI) le haghaidh na leictrea-shoghluaisteachta (an coincheap maidir le Plugáil Isteach agus Luchtú); - Caighdeán maidir le haoine faoi mhíchumas i dtaca le bonneagar athluchtaithe; -Cóid aitheantais le haghaidh bonneagar athluchtaithe leictrigh agus athbhreoslaithe hidrigine; — An Prótacal maidir le Pointí Luchtaithe Oscailte agus IEC 63110 (cúil an bhonneagair luchtaithe) a chóineasú.	Is é an cuspóir so-úsáidteacht a ráthú agus nascacht uathoibríoch idir bonneagar luchtaithe agus feithiclí leictreacha a chur chun cinn agus idir-inoibritheacht an bhonneagair luchtaithe ar fud monaróirí, córais éagsúla agus líonraí éagsúla á n-áirithiú ag an am céanna.

Gníomhaíochtaí chun caighdeáin Eorpacha nó táirgí insoláthartha Eorpacha caighdeánúcháin a thacaíonn leis an aistriú glas a fhorbairt agus a athbhreithniú				
Tagairt	Teideal	Tagairt	Caighdeáin Eorpacha / táirgí insoláthartha Eorpacha caighdeánúcháin	Cuspóirí agus beartais shonracha maidir le caighdeáin Eorpacha / táirgí insoláthartha Eorpacha caighdeánúcháin
45	Cruach ar bheagán carbóin	TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN *Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger Single Market for Europe's recovery* [Straitéis Nua Tionsclaíochta 2020 a thabhairt cothrom le dáta: Margadh Aonair níos láidre a thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa] COM/2021/350 final DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN *Towards competitive and clean European steel* [I dtreo cruach Eorpach iomaíoch agus ghlan] a ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger Single Market for Europe's recovery* [Straitéis Nua Tionsclaíochta 2020 a thabhairt cothrom le dáta: Margadh Aonair níos láidre a thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa] SWD/2021/353 final	Caighdeáin a fhorbairt lena mbunaítear modheolaíochtaí comhchuibhithe le haghaidh critéir astaíochtaí agus athchúrsála le haghaidh táirgeadh cruach, próisis hidriginbhunaithe agus teicneolaíochtaí gabhála carbóin.	Is é an sprioc atá ann tacú leis an aistriú chuig táirgeadh cruach le próisis lena laghdófar astaíochtaí carbóin
46	Athchúrsáil agus athúsáid ábhar i bhfeithiclí a bhfuil a ré caite	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le ceanglais chiorclaíochta le haghaidh dearadh feithiclí agus maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/858 agus 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoracha 2000/53/CE agus 2005/64/CE COM/2023/451 final	Caighdeáin Eorpacha a fhorbairt lena bhfeabhsófar na próisis le haghaidh dhearadh ciorclach, tháirgeadh, athúsáid agus athchúrsáil na bhfeithiclí agus a gcomhpháirteanna. Áireofar ar na caighdeáin sin feabhas a chur ar an dearadh le haghaidh páirteanna plaisteacha a athchúrsáil, chomh maith le cóireáil feithiclí a bhfuil a ré caite chun aisghabháil na n-amhábhar criticiúil a mhéadú agus cáilíocht na gconamar cruach agus alúmanaim a fheabhsú, chomh maith le modhanna ríomha agus tomhais maidir le cáilíocht na n-ábhar gluaisteán sórtáilte, athchúrsáilte agus aisghafa.	Is é is aidhm don ghníomhaíocht athchúrsáil agus athúsáid na n-ábhar a fheabhsú agus giniúint na dramhaíola ó fheithiclí a bhfuil a ré caite a laghdú.

47	Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh – modhanna tomhais chun faireachán a dhéanamh ar hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha san aer comhthimpeallach	Airteagal 4(1), (8) agus (13) de Threoir 2004/107/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le harsanaic, caidmiam, mearcair, nicil agus hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha san aer comhthimpeallach, agus Iarscríbhinn V a ghabhann léi	Caighdeáin a fhorbairt chun tiúchan na hidreacarbón il-timthriallach aramatach san aer comhthimpeallach a thomhas.	A áirithiú go bhfuil an anailís ar hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha san aer comhthimpeallach beacht, iontaofa agus inchomparáide go leordhóthanach ar fud an Aontais.
48	Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh – measúnuithe bunaithe ar shamhaltú	Airteagail 6, 7, 9 agus 10 de Threoir 2008/50/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2008 maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip, agus Iarscríbhinn I a ghabhann léi	Caighdeáin a fhorbairt lena n-áiritheofar go mbeidh measúnuithe bunaithe ar shamhaltú ar cháilíocht an aeir oibiachtúil, iontaofa agus inchomparáide, agus go mbeidh siad de cháilíocht leordhóthanach chun faisnéis iontaofa a ghiniúint maidir le tiúchan na dtruailleán aeir san aer comhthimpeallach.	A áirithiú go bhfuil an fhaisnéis a bhailítear maidir le truailliú aeir sách ionadaíoch agus inchomparáide ar fud an Aontais.
49	Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh – feidhmíocht na gcóras braiteoir-bhunaithe lena dtomhaistear truailliú aeir	Airteagail 6, 7, 9 agus 10 de Threoir 2008/50/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2008 maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip, agus Iarscríbhinn I a ghabhann léi	Caighdeán bailíochtaithe tástála nó caighdeáin bhailíochtaithe tástála a fhorbairt chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na gcóras braiteoir-bhunaithe lena dtomhaistear truailliú aeir. Leis an gcaighdeán, déanfar a mheas an gcomhlíonann na córais bhraiteoir-bhunaithe na cuspóirí cáilíochta sonraí atá i dTreoir 2008/50/CE.	Measúnuithe ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh a fheabhsú trí mheastóireacht a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann na córais bhraiteoir-bhunaithe na cuspóirí cáilíochta sonraí atá i dTreoir 2008/50/CE. Le caighdeán nó caighdeáin, beifear in ann úsáid níos forleithne a bhaint as an modh faireacháin sin agus measúnú feabhsaithe ar cháilíocht an aeir a dhéanamh.
50	Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh — tiúchan an lín cáithníní	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip COM/2022/542 final	Caighdeán Eorpach nua a fhorbairt chun tiúchan an lín cáithníní a thomhas.	Is é an príomhchuspóir cáilíocht an aeir a fheabhsú trí fheabhas a chur ar na sonraí agus ar an tuiscint eolaíoch ar éifeachtaí cáithníní sármhíne, ar an tsláinte agus ar an gcomhshaol. Chuige sin, is gá a áirithiú go mbeidh tomhas cáithníní sármhíne nó tiúchan an lín cáithníní san aer comhthimpeallach beacht, iontaofa agus inchomparáide go leordhóthanach ar fud an Aontais. Leis an togra le haghaidh Treoir athbhreithnithe maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh, tugtar isteach an oibleagáid an truailleán aeir neamhrialáilte sin a thomhas, ar ábhar imní é atá ag teacht chun cinn. Tá na ceanglais chun cáithníní sármhíne a thomhas dírithe go háirithe ar shuíomhanna uirbeacha.

51	Astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/942 COM/2021/805 final	Forbairt caighdeán nua Eorpach agus athbhreithniú ar na caighdeáin Eorpacha atá ann cheana maidir le cainníochtú astaíochtaí meatáin in oibríochtaí ola, gáis agus guail lena n-áirítear sócmhainní atá neamhghníomhach, líonta, dúnta nó tréigthe. Forbairt caighdeán nua Eorpach agus athbhreithniú ar na caighdeáin Eorpacha atá ann cheana maidir le suirbhéanna chun sceitheadh meatáin in oibríochtaí ola agus gáis a bhrath agus a dheisiú. Forbairt caighdeán nua Eorpach maidir le trealamh a sheachnaíonn an scaoileadh trína dhearadh.	Is é an cuspóir tacú le hoibleagáidí ar oibreoirí fuinnimh astaíochtaí meatáin a thomhas agus a mhaolú ar bhealach inchomparáide ar fud an Aontais. Áiritheofar sa chaoi sin cothrom iomaíochta idir oibreoirí, rochtain ar fhaisnéis inchomparáide agus leibhéal éifeachtúlachta comhchuibhithe maidir le hastaíochtaí meatáin a laghdú.
52	Faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí tionsclaíocha	Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú)	Caighdeáin Eorpacha a fhorbairt maidir le modhanna chun na nithe seo a leanas a dhéanamh: (a) Faireachán agus tomhas tréimhsiúil ar iomlán na substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile (PFASanna), (b) Faireachán agus tomhas tréimhsiúil ar chomhdhúile suaiteoirí inchríneacha, (c) Faireachán agus tomhas tréimhsiúil ar mhicreaphlaistigh, (d) Faireachán agus tomhas tréimhsiúil ar nana-ábhair, (e) Faireachán agus tomhas tréimhsiúil ar shubstaintí guaiseacha a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 57 de Rialachán REACH.	A áirithiú go ndéanfar sampláil agus anailís ar na substaintí truaillitheacha ábhartha agus tomhas ar pharaiméadair phróisis, mar aon leis an dearbhú cáilíochta ar chórais uathoibrithe tomhais agus na modhanna tagartha tomhais chun na córais sin a chalabrú i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha.
53	Micreaphlaistigh	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caillteanas millíní plaisteacha a chosc chun truailliú micreaphlaisteach a laghdú COM/2023/645 final	Caighdeáin Eorpacha a fhorbairt lena dtacaítear le bearta chun dul i ngleic le truailliú ó mhicreaphlaistigh (cáithníní plaisteacha ar lú ná 5 mm a dtrastomhas), a scaoiltear go neamhbheartaithe sa chomhshaol (e.g. ó mhillíní agus teicstílí sintéiseacha).	Is é is aidhm don ghníomhaíocht scaoileadh micreaphlaisteach sa chomhshaol a laghdú agus, dá réir sin, an truailliú ar an gcomhshaol agus rioscaí féideartha ar shláinte an duine a ísliú.
54	Measúnú ar sheirbhísí éiceachórais	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 a mhéid a bhaineann le modúil nua cuntas eacnamaíoch comhshaoil a thabhairt isteach COM/2022/329 final	Caighdeáin agus táirgí insoláthartha Eorpacha, atá éagsúil le caighdeáin airgeadais agus staidrimh, a fhorbairt chun tacú le measúnú a dhéanamh ar sheirbhísí éiceachórais. Tá sonraí maidir le seirbhísí éiceachórais mar bhonn agus mar thaca ag tuairisciú ar an mbithéagsúlacht, ar an athrú aeráide agus ar shláinte na n-éiceachóras talún agus muirí. Sonrófar sna caighdeáin sin na saintréithe teicniúla a chuirfear san áireamh agus nósanna imeachta agus samhlacha á roghnú chun sonraí a mheas agus a bhailiú.	Is é príomhchuspóir na gníomhaíochta tacú le cáilíocht sonraí cuntas na seirbhísí éiceachóras Eorpach chun faisnéis níos fearr a chur ar fáil don Chomhaontú Glas don Eoraip

55	Táirgí leasacháin	Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le táirgí leasacháin AE a chur ar fáil ar an margadh agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1069/2009 agus (CE) Uimh. 1107/2009 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003	Caighdeáin Eorpacha nua a fhorbairt, nó athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeáin atá ann cheana, maidir le modhanna tástála chun láithreacht éilleán, truailleán orgánach, miocrorgánach a chinneadh agus scrúdú eile a dhéanamh ar pharaiméadair shonracha atá ábhartha maidir le héifeachtúlacht agus sábháilteacht agranamaíoch tháirgí leasacháin de chuid an Aontais agus a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/1009.	Is é is cuspóir don ghníomhaíocht seo a áirithiú go mbeidh monaróirí, údaráis um fhaireachas margaidh agus comhlachtaí dá dtugtar fógra in ann brath ar mhodhanna tástála a chumhdaítear le caighdeáin chomhchuibhithe chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht táirgí leasacháin de chuid an Aontais leis na ceanglais i Rialachán (AE) 2019/1009. Tá CEN ag obair faoi láthair faoi iarraidh M/564 um chaighdeánú maidir le caighdeáin chomhchuibhithe a fhorbairt le haghaidh táirgí leasacháin de chuid an Aontais. Tá iarraidh nua ar chaighdeánú beartaithe chun a iarraidh ar CEN caighdeáin chomhchuibhithe bhreise a fhorbairt le haghaidh na modhanna tástála is gá chun tacú le forálacha nua a áiríodh le déanaí sa ghníomh thuas.
56	Tomhais sláinte ithreach agus rochtain	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le Faireachán Ithreach agus Athléimneacht Ithreach (an Dlí maidir le Faireachán Ithreach) COM/2023/416 final	Tairseach dhigiteach sonraí maidir le sláinte ithreach a fhorbairt i bhformáid spásúil gheothagartha lena dtabharfar rochtain ar shonraí sláinte ithreach. Chuige sin, ní mór caighdeáin Eorpacha nua a fhorbairt chun na nithe seo a leanas a thomhas ar bhealach comhchuibhithe: Seoltacht Leictreach (eastóscán taois in ithir sháithithe (eEC)); Modh meastacháin ar acmhainneacht coinneála uisce na hithreach; Riospráid foistine ithreach; Meitea-bharrachódú baictéar, fungas, prótaisteach agus ainmhithe san ithir; Flúirse agus éagsúlacht néimeatóidí san ithir; Bithmhais mhiocróbach san ithir; Flúirse agus éagsúlacht na bpéisteanna talún san ithir agus Tiúchan éilleán orgánach san ithir agus tiúchan éilleán orgánach san ithir: lotnaidicídí, micreaphlaistigh, PFASanna. Ina theannta sin, ní mór feidhmeanna aistrithe agus an mhodheolaíocht a bhaineann leo a fhorbairt agus a bhailíochtú chun cruinneas agus iontaofacht na dtomhas sin agus a léirmhíniú i gcomhthéacsanna éagsúla sláinte ithreach a áirithiú.	Is é an príomhchuspóir measúnú a dhéanamh ar shláinte na hithreach san Aontas agus na sonraí sin a chur ar fáil ar thairseach dhigiteach sonraí maidir le sláinte ithreach ‘d’fhonn ithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050 agus ithreacha a choinneáil i riocht sláintiúil, ionas gur féidir leo an iliomad seirbhísí éiceachórais a sholáthar ar scála a bheidh leordhóthanach chun freastal ar riachtanais chomhshaoil, shochaíocha agus eacnamaíocha, chun tionchair an athraithe aeráide agus chailliúint na bithéagsúlachta a chosc agus a mhaolú, chun an athléimneacht in aghaidh tubaistí nádúrtha a mhéadú agus chun an tslándáil bia a mhéadú agus chun éilliú ithreach a laghdú go leibhéil nach measter a bheith díobhálach do shláinte an duine agus don chomhshaol a thuilleadh.’ (Airteagal 1)

57	Breosla eitlíochta	Treoir (AE) 2023/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann le rannchuidiú na heitlíochta le sprioc an Aontais astaíochtaí a laghdú ar fud an gheilleagair agus le cur chun feidhme iomchuí birt dhomhanda mhargadhbhunaithe	Scóipeáil tosaigh a dhéanamh ar tháirgí insoláthartha caighdeánaithe a bheidh ann amach anseo maidir le sonraíochtaí breosla eitlíochta arb é is aidhm dóibh éifeachtaí neamh-CO_2 a laghdú agus cáilíocht an aeir a fheabhsú, rud atá le déanamh i gcomhaontú le Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh.	Is é an príomhchuspóir an scóipeáil tosaigh a chur i gcrích maidir le táirgí insoláthartha caighdeánaithe breosla eitlíochta a bheidh ann amach anseo chun comhdhéanamh breosla eitlíochta a bharrfheabhsú, rannchuidiú le héifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 a mhaolú, cáilíocht an aeir a fheabhsú agus sábháilteacht agus aeracmhainneacht a threisiú, gan réamhbhreith a dhéanamh ar mheasúnú indéantachta leanúnach an Aontais agus ar bhearta rialála an Aontais maidir le barrfheabhsú ábhair bhreosla a d'fhéadfaí a fhorbairt idir an dá linn, agus comhsheasmhacht le rialacha agus caighdeáin idirnáisiúnta lena rialaítear an eitlíocht shibhialta a áirithiú. Ba cheart an obair a dhéanamh i gcomhaontú le Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh agus cur leis an obair ullmhúcháin a dhéanann an ghníomhaireacht.

Gníomhaíochtaí chun caighdeáin Eorpacha nó táirgí insoláthartha Eorpacha caighdeánúcháin a thacaíonn leis an margadh inmheánach le haghaidh táirgí agus seirbhísí a fhorbairt agus a athbhreithniú

Tagairt	Teideal	Tagairt	Caighdeáin Eorpacha / táirgí insoláthartha Eorpacha caighdeánúcháin	Cuspóirí agus beartais shonracha maidir le caighdeáin Eorpacha / táirgí insoláthartha Eorpacha caighdeánúcháin
58	Feistí leighis agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro*	Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 90/385/CEE ón gComhairle agus Treoir 93/42/CEE ón gComhairle Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* agus lena n-aisghairtear Treoir 98/79/CE agus Cinneadh 2010/227/AE ón gCoimisiún	Athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin Eorpacha atá ann cheana agus caighdeáin nua a fhorbairt maidir le dearadh agus monarú na nithe seo a leanas: — feistí leighis a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2017/745 — feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2017/746. Beidh feidhm ag na caighdeáin maidir le dearadh agus monarú, bainistiú riosca agus na hoibleagáidí ar oibreoirí eacnamaíocha agus ar urraitheoirí – lena n-áirítear na cinn a bhaineann leis an méid seo a leanas: — córais bainistithe cáilíochta — bainistiú riosca — imscrúduithe cliniciúla agus staidéir ar fheidhmíocht — meastóireacht chliniciúil.	Feidhmiú rianúil an mhargaidh aonair a mhéid a bhaineann le feistí leighis a áirithiú, trí ardchaighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta a leagan síos le haghaidh feistí leighis agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro*. Ba cheart go ndéileálfaí leis na gnáthcheisteanna sábháilteachta a mhéid a bhaineann leis na táirgí sin, agus ar an gcaoi sin ardleibhéal cosanta sláinte agus sábháilteachta d'othair, d'úsáideoirí agus do dhaoine eile a áirithiú.

59	Brú-threalamh	Treoir 2014/68/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le brú-threalamh a chur ar fáil ar an margadh	Athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin atá ann cheana maidir le brú-threalamh nó cóimeálacha brú-threalaimh agus caighdeáin nua a fhorbairt.	Sábháilteacht a fheabhsú agus rochtain ar an margadh a éascú do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide. Fágfaidh sé sin go mbeidh cuideachtaí an Aontais níos iomaíche sa mhargadh domhanda.
60	Árthaí brú simplí	Treoir 2014/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hárthaí brú simplí a chur ar fáil ar an margadh	Na caighdeáin atá ann cheana sa tsraith EN 286 a athbhreithniú agus caighdeáin nua a fhorbairt.	Sábháilteacht a fheabhsú agus rochtain ar an margadh a éascú do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide. Fágfaidh sé sin go mbeidh cuideachtaí an Aontais níos iomaíche sa mhargadh domhanda.
61	Táirgí innealra	Rialachán (AE) 2023/1230 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2023 maidir le hinnealra agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 73/361/CEE ón gComhairle	Caighdeáin Eorpacha maidir le táirgí innealra a fhorbairt nó a athbhreithniú chun na sonraíochtaí fíor-riachtanacha nua maidir le sábháilteacht agus sláinte sa Rialachán atá beartaithe a chumhdach.	Is é an príomhchuspóir an tsláinte agus an tsábháilteacht a áirithiú trína áirithiú go gcoinnítear caighdeáin chomhchuibhithe Eorpacha ar bun, caighdeáin atá ar aon dul leis an úrscothacht aitheanta. Caighdeáin chomhchuibhithe Eorpacha a bheith ar fáil, is rud é a éascóidh an rochtain ar an margadh, go háirithe le haghaidh FBManna. Bainfidh úsáideoirí agus úinéirí táirgí innealra tairbhe as an bhfeabhas ar an tsábháilteacht agus is féidir go mbainfidh siad tairbhe as torthaí iarmhartacha amhail úsáid éifeachtúil an fhuinnimh agus rochtain níos éasca ar theicneolaíochtaí nuálacha. Bainfidh oibreoirí eacnamaíocha tairbhe as an deimhneacht dhlíthiúil.
62	Trealamh atá ceaptha lena úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach	Treoir 2014/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh agus córais chosanta atá ceaptha chun úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh bheith pléascach	Caighdeáin nua Eorpacha a fhorbairt nó caighdeáin Eorpacha atá ann cheana a athbhreithniú chun tacú le teicneolaíocht úrscothach i réimse an trealaimh atá ceaptha lena húsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach.	An tsláinte agus an tsábháilteacht a áirithiú i dtaca le trealamh atá ceaptha lena úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach.

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1364/oj

63	Trealamh cosanta pearsanta	Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le trealamh cosanta pearsanta agus lena n-aisghairtear Treoir 89/686/CEE ón gComhairle	Caighdeáin nua Eorpacha a fhorbairt nó caighdeáin Eorpacha atá ann cheana a athbhreithniú chun tacú le teicneolaíocht úrscothach i réimse an trealaimh cosanta pearsanta.	Is é an príomhchuspóir cosaint shláinte agus shábháilteacht na n-úsáideoirí agus saorghluaiseacht trealaimh cosanta pearsanta sa mhargadh inmheánach a áirithiú. Thairis sin, éascófar an rochtain ar an margadh, go háirithe le haghaidh FBManna, trí chaighdeáin chomhchuibhithe Eorpacha a bheith ar fáil.
64	Uirlisí meáite agus tomhais	Treoir 2014/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le huirlisí neamh-uathoibríocha meáite a chur ar fáil ar an margadh Treoir 2014/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le gléasanna tomhais a chur ar fáil ar an margadh	Caighdeáin Eorpacha nua a fhorbairt nó caighdeáin Eorpacha atá ann cheana a athbhreithniú chun tacú le teicneolaíocht úrscothach i réimse na n-uirlisí meáite agus tomhais.	(i) An pobal a chosaint ar thorthaí míchearta ó oibríochtaí meáite trí bhíthin uirlisí neamh-uathoibríocha meáite nuair a úsáidtear iad i gcatagóirí áirithe feidhmeanna; (ii) Tacú le huirlisí tomhais atá ceart agus inrianaithe ar féidir iad a úsáid le haghaidh tascanna tomhais éagsúla a dhéanann difear go díreach agus go hindíreach do shaol laethúil daoine ar go leor bealaí. Is ar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail, leis an tsláinte phoiblí, leis an tsábháilteacht agus leis an ord, le cosaint an chomhshaoil, le cosaint tomhaltóirí, le cánacha agus dleachtanna a ghearradh agus le cóirthrádáil a dhéantar na cúraimí sin. Is féidir go mbeidh ionstraimí tomhais a rialaítear go dlíthiúil ag teastáil chun iad a chur i gcrích.
65	Idir-inoibritheacht an chórais iarnróid	Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach	Caighdeáin nua Eorpacha agus táirgí insoláthartha nua Eorpacha caighdeánúcháin a fhorbairt, nó caighdeáin agus táirgí atá ann cheana a athbhreithniú, chun tacú le cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2016/797.	Is é an príomhchuspóir ardleibhéal idir-inoibritheachta a áirithiú le haghaidh an chórais iarnróid agus forbairtí teicneolaíocha (digiteach) agus srianta éiceolaíocha (glas) á gcur san áireamh.
66	Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach	Treoir 2014/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le comhoiriúnacht leictreamaighnéadach	Athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin atá ann cheana agus caighdeáin nua a fhorbairt chun tacú leis na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach i dTreoir 2014/30/AE	A áirithiú go ndéanfar na caighdeáin chomhchuibhithe chun tacú le ceanglais fhíor-riachtanacha Threoir 2014/30/AE maidir le Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach a thabhairt cothrom le dáta agus go gcumhdófar an úrscothacht leo. Leis na caighdeáin chomhchuibhithe sin, a luafar na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tabharfar toimhde comhréireachta do na ceanglais chomhchuibhithe chomhfhreagracha. Dá bhrí sin, áiritheofar nach nginfear suaitheadh leictreamaighnéadach le trealamh leictreach, nó nach ndéanfaidh suaitheadh leictreamaighnéadach difear dó, rud a chuirfidh le hathléimneacht eacnamaíoch agus shochaíoch trí chaighdeánú.

67	Sábháilteacht dóiteáin de longa a iompraíonn gáis leachtaithe i mbulc agus de longa a úsáideann gás mar thiomántán	Treoir 2014/90/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le trealamh muirí agus lena n-aisghairtear Treoir 96/98/CE ón gComhairle	Caighdeán nua Eorpacha a fhorbairt chun córais fosaithe púdar ceimiceáin thirim agus córais ghaolmhara múchta dóiteáin a thástáil, chun longa a iompraíonn gáis leachtaithe i mbulc agus longa a úsáideann gás mar thiomántán a chosaint.	Is é an príomhchuspóir feabhas a chur ar an tsábháilteacht mhuirí. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta ar na Treoirlínte maidir le córais fosaithe múchta dóiteáin púdair ceimiceáin thirim chun longa a iompraíonn gáis leachtaithe i mbulc a chosaint, ach go dtí seo, níl aon chaighdeán bailíochtaithe tástála ann le haghaidh tástáil dóiteáin scairde agus/nó linne. Trí chaighdeán den sórt sin a fhorbairt, i ndlúthchomhar le ISO, ba cheart feabhas a chur ar shábháilteacht mhuirí, ní hamháin i gcás tancaeir gáis ach i gcás longa paisinéirí a thiomáintear le gás freisin.
68	Ísealvoltas	Treoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh leictreach a chur ar fáil ar an margadh, ar trealamh é a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais	Athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin atá ann cheana agus caighdeáin nua a fhorbairt chun tacú leis na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach i dTreoir 2014/35/AE	A áirithiú go ndéanfar na caighdeáin chomhchuibhithe chun tacú le ceanglais fhíor-riachtanacha Threoir 2014/35/AE maidir le hÍsealvoltas a thabhairt cothrom le dáta agus go gcumhdófar an úrscothacht leo. Leis na caighdeáin chomhchuibhithe sin, a luafar na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tabharfar toimhde comhréireachta do na ceanglais chomhchuibhithe chomhfhreagracha. Dá bhrí sin, áiritheofar nach gcuirfear sláinte agus sábháilteacht daoine agus ainmhithe clóis, nó maoin, i mbaol le trealamh leictreach, nuair a dhéantar é a shuiteáil agus a chothabháil i gceart agus a úsáid i bhfeidhmeanna ar ina leith a rinneadh é.
69	Trealamh Raidió	Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE	Caighdeáin nuashonraithe Eorpacha maidir le trealamh raidió a fhorbairt lena n-áiritheofar sláinte agus sábháilteacht úsáideoirí, comhoiriúnacht leictreamaighnéadach, cosaint speictrim raidió, agus rochtain ar sheirbhísí éigeandála.	Is iad na príomhchuspóirí feabhas a chur ar shábháilteacht úsáideoirí trealaimh raidió, trasnaíocht dhíobhálach a dhéanann difear do chumarsáid raidió riachtanach a chosc, agus rochtain ar sheirbhísí éigeandála a áirithiú
70	Árthaí áineasa	Treoir 2013/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le hárthaí áineasa agus árthaí uisce pearsanta agus lena n-aisghairtear Treoir 94/25/CE	Caighdeáin Eorpacha nua a fhorbairt nó caighdeáin Eorpacha atá ann cheana a athbhreithniú chun tacú le teicneolaíocht úrscothach i réimse na n-árthaí áineasa agus na n-árthaí uisce pearsanta.	Is iad na príomhchuspóirí sláinte agus sábháilteacht árthaí áineasa agus árthaí uisce pearsanta a áirithiú chomh maith le hurramú na gceanglas maidir le hastaíochtaí sceite agus torainn a áirithiú.

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1364/oj

71	Caighdeáin sábháilteachta táirgí tomhaltais	Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Nollaig 2001 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí	Caighdeáin Eorpacha a fhorbairt nó a athbhreithniú chun tacú le Treoir 2001/95/CE maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí, ag díriú ar tháirgí leanaí agus ar nithe eile faoi raon feidhme na Treorach, i gcomhar le sainghrúpa an Choimisiúin 'An Líonra um Shábháilteacht Tomhaltóirí'. Áirítear leis sin feabhas a chur ar shábháilteacht leanaí ó dhallóga inmheánacha, clúdaigh fuinneoige a bhfuil cordaí acu agus gairis sábháilteachta, sábháilteacht trealaimh gleacaíochta agus suite, agus sábháilteacht gairis glasála le haghaidh fuinneog agus doirse balcóine. Sábháilteacht leanaí ó dhallóga inmheánacha, clúdaigh fuinneoige a bhfuil cordaí acu agus gairis sábháilteachta, sábháilteacht trealaimh gleacaíochta agus suite, agus sábháilteacht gairis glasála le haghaidh fuinneog agus doirse balcóine.	Is é an príomhchuspóir feabhas a chur ar shábháilteacht táirgí faoi Threoir 2001/95/CE trína áirithiú go n-ionchorprófar an t-eolas eolaíoch is déanaí leis na caighdeáin reatha. Ráthófar leis sin go gcomhlíonfar na ceanglais sábháilteachta ghinearálta agus shonracha a leagtar amach sa Treoir agus sa chinneadh a ghabhann léi.
72	Foclóir sonraí le haghaidh tuairisciú d'údaráis mhaoirseachta san earnáil airgeadais	COM(2021) 798 — Straitéis maidir le sonraí maoirseachta i seirbhísí airgeadais an Aontais Eorpaigh Rialachán (AE) 2019/876 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann leis an gcóimheas luamhánaithe, leis an gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, leis na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe, leis an bpriacal creidmheasa contrapháirtí, leis an bpriacal margaidh, leis na risíochtaí ar chontrapháirtithe lárnacha, leis na risíochtaí ar ghnóthais chomhinfheistíochta, leis na risíochtaí móra, leis na ceanglais tuairiscithe agus nochta, agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012	Caighdeán nua Eorpach a fhorbairt le haghaidh na tuairisce ar inneachar agus formáid na sonraí a thuairiscíonn eintitis atá gníomhach san earnáil airgeadais do na húdaráis inniúla chun críoch na maoirseachta airgeadais agus na sonraí a nochtar don phobal faoi chreataí reachtacha éagsúla. Ba cheart a áirithiú leis an gcaighdeán go ndéantar tuairisc struchtúrtha chuimsitheach chomhsheasmhach neamh-dhéchiallach ar na sonraí agus téarmaí a úsáid atá fréamhaithe sa reachtaíocht chun nasc soiléir a bhunú idir ítimí sonraí a bhailítear agus/nó a nochtar agus na sonraíochtaí reachtacha ábhartha.	Is é an cuspóir fadtéarmach tuairisciú maoirseachta an Aontais a nuachóiriú agus córas a chur i bhfeidhm lena soláthrófar sonraí cruinne comhsheasmhacha tráthúla do na húdaráis mhaoirseachta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, agus an t-ualach tuairiscithe comhiomlán ar na páirtithe ábhartha uile a íoslaghdú ag an am céanna. Le caighdeánú sonraí agus le comhthuiscint ar na sonraí a bhailítear agus a nochtar faoi chreataí reachtacha éagsúla, beidh sé níos éasca teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid agus déanfar tarchur, bailíochtú agus anailís na sonraí a shimpliú.